



Uimhir 9 de 2020

Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) (Covid-19), 2020
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 9 de 2020

**ACHT NA gCUIDEACHTAÍ (FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA)
(COVID-19), 2020**

[An tiontú oifigiúil]

CLÁR AN ÁBHAIR

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme
2. Mínithe

CUID 2

LEASÚ AR ACHT NA gCUIDEACHTAÍ, 2014

3. Leasú ar alt 2 d'Acht 2014
4. An tréimhse eatramhach a fhadú
5. Ionstraimí a fhorghníomhú le linn na tréimhse eatramhaí
6. Cruinnithe ginearálta le linn na tréimhse eatramhaí
7. Leasú ar alt 181 d'Acht 2014
8. Fógra i dtaobh cruinniú ginearálta athsceidealaithe le linn na tréimhse eatramhaí
9. Leasú ar alt 182 d'Acht 2014
10. Rúin díbhinne a tharraingt siar nó a leasú
11. Vótáil ar rúin ag cruinniú ginearálta le linn na tréimhse eatramhaí
12. Leasú ar alt 520 d'Acht 2014
13. Leasú ar alt 534 d'Acht 2014
14. Leasú ar alt 570 d'Acht 2014
15. Leasú ar alt 584 d'Acht 2014
16. Leasú ar alt 587 d'Acht 2014

17. Leasú ar alt 678 d'Acht 2014
18. Leasú ar alt 680 d'Acht 2014
19. Cruinnithe creidiúnaithe arna seoladh ar mhodh leictreonach le linn na tréimhse eatramhaí
20. Leasú ar alt 691 d'Acht 2014
21. Leasú ar alt 692 d'Acht 2014
22. Leasú ar alt 695 d'Acht 2014
23. Leasú ar alt 697 d'Acht 2014
24. Leasú ar alt 701 d'Acht 2014
25. Leasú ar alt 1103 d'Acht 2014
26. Leasú ar alt 1106 d'Acht 2014

CUID 3

LEASUITHE AR AN *INDUSTRIAL AND PROVIDENT SOCIETIES ACT*, 1893

27. An tréimhse eatramhach a fhadú
28. Cruinnithe ginearálta le linn na tréimhse eatramhaí
29. Leasú ar alt 79 d'Acht 1893

[2020.]

*Acht na gCuideachtaí (Forálacha
Ilghnéitheacha) (Covid-19), 2020.*

[Uimh. 9.]

NA HAHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

Acht na gCuideachtaí, 2014 (Uimh. 38)

An tAcht Sláinte, 1947 (Uimh. 28)

An tAcht um Chumainn Tionscail agus Soláthair (Leasú), 1978 (Uimh. 23)

Industrial and Provident Societies Act, 1893 (56 & 57 Vict., c. 39)



Uimhir 9 de 2020

**ACHT NA gCUIDEACHTAÍ (FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA)
(COVID-19), 2020**
[*An tiontú oifigiúil*]

Acht, ag féachaint don bhaol atá ann don bheatha dhaonna agus don tsláinte phoiblí de dheasca an galar ar a dtugtar Covid-19 a bheith ag leathadh agus, mar fhreagairt do na deacrachtaí eacnamaíocha arb é an galar sin is cúis leo, do dhéanamh socrú eisceachtúil i ndáil le hoibriú forálacha áirithe d’Acht na gCuideachtaí, 2014 agus den *Industrial and Provident Societies Act*, 1893 ar feadh tréimhse áirithe agus ar feadh cibé tréimhse bhreise (más ann) a shonrófar le hordú ón Rialtas agus, chun na críche sin, do leasú Acht na gCuideachtaí, 2014 agus an *Industrial and Provident Societies Act*, 1893; do leasú Acht na gCuideachtaí, 2014 tuilleadh; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[1 *Lúnasa* 2020]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Gearrtheideal agus tosach feidhme

1. (1) Féadfar Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) (Covid-19), 2020 a ghairm den Acht seo.
(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

Mínithe

2. San Acht seo—
ciallaíonn “Acht 1893” an *Industrial and Provident Societies Act*, 1893;
ciallaíonn “Acht 2014” Acht na gCuideachtaí, 2014.

CUID 2

LEASÚ AR ACHT NA gCUIDEACHTAÍ, 2014

Leasú ar alt 2 d'Acht 2014

3. Leasaítear alt 2 d'Acht 2014, i bhfo-alt (1), trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘Covid-19’ galar arb é is cúis leis ionfhabhtú leis an víreas SARS-CoV-2 agus a shonraítear mar ghalair aicéideach de réir Rialachán 6 de na Rialacháin um Ghalair Aicéideacha, 1981 (I.R. Uimh. 390 de 1981), agus de réir an Sceidil a ghabhann leis na Rialacháin sin, nó aon athraitheach ar an ngalar a shonraítear amhlaidh mar ghalair aicéideach sna Rialacháin sin;

ciallaíonn ‘tréimhse eatramhach’—

- (a) an tréimhse dar tús tosach feidhme *alt 3 d'Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) (Covid-19), 2020* agus dar críoch an 31 Nollaig 2020, agus
- (b) cibé tréimhse eile (más ann) a shonrófar le hordú faoi alt 12A;”.

An tréimhse eatramhach a fhadú

4. Leasaítear Acht 2014 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 12:

“**12A.**(1) Féadfaidh an Rialtas, ar iarraidh a fháil ón Aire a dhéanfar tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Sláinte, an tréimhse eatramhach a fhadú ó am go ham le hordú, i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe, go ceann cibé tréimhse a mheasfaidh siad is cuí más deimhin leo, ag féachaint do na nithe seo a leanas—

- (a) an baol don tsláinte phoiblí atá ann de dheasca Covid-19,
- (b) cineál sárthógálach an ghalair sin,
- (c) an gá atá ann srian a chur le gluaiseacht daoine chun leathadh an ghalair i measc an phobail a chosc agus an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag srian den sórt sin ar an taisteal agus ar chruinnithe, agus
- (d) an gá atá ann maolú a dhéanamh ar na héifeachtaí eacnamaíocha a thig as Covid-19,

gurb é leas an phobail é ordú den sórt sin a dhéanamh.

- (2) Déanfar gach ordú faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú.”.

Ionstraimí a fhorghníomhú le linn na tréimhse eatramhaí

5. Leasaítear Acht 2014 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 43:

“43A. (1) Beidh feidhm ag fo-alt (2) go (4) maidir le cuideachta le linn na tréimhse eatramhaí amháin agus sin d’ainneoin aon fhoráil—

(a) d’alt 43(2)(b) nó (3), nó

(b) de bhunreacht na cuideachta.

(2) Maidir le hionstraim a bheidh le déanamh nó le forghníomhú ag cuideachta, seachas ionstraim lena mbaineann fo-alt (3), féadfaidh doiciméid éagsúla san fhoirm chéanna a bheith in ionstraim den sórt sin más rud é—

(a) go mbeidh doiciméad amháin den sórt sin sínithe ag duine dá dtagraítear in alt 43(2)(b)(i),

(b) go mbeidh doiciméad amháin den sórt sin sínithe ag duine dá dtagraítear in alt 43(2)(b)(ii), agus

(c) go mbeidh séala na cuideachta greamaithe de dhoiciméad amháin den sórt sin.

(3) Maidir le hionstraim a bheidh le déanamh nó le forghníomhú ag duine cláraithe le linn cumhachtaí cuideachta a fheidhmiú, féadfaidh doiciméid éagsúla san fhoirm chéanna a bheith in ionstraim den sórt sin más rud é—

(a) go mbeidh doiciméad amháin den sórt sin sínithe ag an duine cláraithe,

(b) go mbeidh doiciméad amháin den sórt sin sínithe ag duine dá dtagraítear in alt 43(2)(b)(i),

(c) go mbeidh doiciméad amháin den sórt sin sínithe ag duine dá dtagraítear in alt 43(2)(b)(ii), agus

(d) go mbeidh séala na cuideachta greamaithe de dhoiciméad amháin den sórt sin.

(4) Beidh ionstraim ina mbeidh doiciméid éagsúla a chomhlíonann fo-alt (2) nó (3) bailí agus éifeachtach chun gach críche amháil is dá mba aon doiciméad amháin iad na doiciméid, á nglacadh le chéile.”.

Cruinnithe ginearálta le linn na tréimhse eatramhaí

6. Leasaítear Cuid 4 d’Acht 2014, i gCaibidil 6, tríd an alt seo a leanas a chur isteach sa Chaibidil sin roimh alt 175:

“174A. (1) Beidh feidhm ag an alt seo (lena n-áirítear aon rialacháin arna ndéanamh faoi) maidir le cruinnithe ginearálta cuideachta le linn na tréimhse eatramhaí amháin agus beidh feidhm aige amhlaidh d’ainneoin aon fhoráil eile den Acht seo nó de bhunreacht na cuideachta.

(2) Is alt i dteannta fhorálacha fho-alt (3) d’alt 175 an t-alt seo agus ní dhéantar maolú orthu leis.

- (3) Dá mba rud é, maidir leis an mbliain 2020, go mbeadh an ceanglas chun cruinniú ginearálta bliantúil a thionól (an ‘ceanglas iomchuí’) le comhlíonadh, murach an fo-alt seo, ag cuideachta ar dháta sa bhliain sin (an ‘dáta iomchuí’) is luaithe ná an 31 Nollaig 2020, ansin féadfaidh an chuideachta a roghnú an ceanglas iomchuí a chomhall tríd an gcrúinniú ginearálta bliantúil a thionól aici ar dháta is dáta i ndiaidh an dáta iomchuí (ach nach dáta is déanaí ná an 31 Nollaig 2020).
- (4) I gcás go roghnóidh cuideachta leas a bhaint as fo-alt (3), beidh feidhm ag alt 341(2) maidir leis an gcuideachta amhail is dá ndéanaí, san alt sin, na focail ‘ag an gcrúinniú is déanaí a luaitear in alt 174A(3)’ a chur in ionad na bhfocal ‘tráth nach déanaí ná 9 mí tar éis an dáta deiridh bliana airgeadais’.
- (5) Ní gá do chuideachta cruinniú ginearálta a thionól in ionad fisiciúil ach féadfaidh sí an cruinniú a sheoladh go hiomlán nó go páirteach trí theicneolaíocht cumarsáide leictreonaí a úsáid ar choinníoll go mbeidh deis réasúnach ag gach duine den lucht freastail páirt a ghlacadh sa chruinniú de réir an ailt seo.
- (6) (a) Féadfaidh cuideachta socrú a dhéanamh maidir le páirt a ghlacadh i gcrúinniú ginearálta trí úsáid teicneolaíochta cumarsáide leictreonaí, lena n-áirítear sásra chun go gcaithfidh comhalta vótaí, a sholáthar nó a éascú chun na críche sin, cibé acu roimh an gcrúinniú nó le linn an chruinnithe.
- (b) Ní dhéanfar leis an sásra dá dtagraítear i mír (a) a cheangal ar an gcomhalta a bheith i láthair go fisiciúil ag an gcrúinniú ginearálta ná a cheangal ar an gcomhalta seachvótálaí a cheapadh atá chun bheith i láthair go fisiciúil ag an gcrúinniú.
- (7) Ní fhéadfar úsáid teicneolaíochta cumarsáide leictreonaí de bhun fho-alt (6) a chur faoi réir ceanglas nó srianta ach amháin cibé ceanglais nó srianta a bheidh curtha ar bun ag an gcuideachta agus is gá chun céannú an lucht freastail agus slándáil na teicneolaíochta cumarsáide leictreonaí a áirithiú, a mhéid a bheidh ceanglais nó srianta den sórt sin i gcomhréir leis na cuspóirí sin a bhaint amach.
- (8) Déanfaidh cuideachta aon cheanglais nó srianta a bheidh curtha ar bun aici de bhun fho-alt (7) a chur in iúl don lucht freastail roimh an gcrúinniú ginearálta lena mbaineann.
- (9) Aon chuideachta a dhéanfaidh socrú maidir le teicneolaíocht cumarsáide leictreonaí a úsáid chun go nglacfaidh duine den lucht freastail páirt i gcrúinniú ginearálta, cinnteoidh sí, a mhéid is indéanta é—
- (a) go ndéanfar leis an teicneolaíocht sin—
- (i) socrú maidir le slándáil aon chumarsáide leictreonaí a dhéanfaidh an duine den lucht freastail,
- (ii) an baol go dtuailleofar sonraí agus go mbeidh rochtain neamhúdaráithe ann a íoslaghdú, agus

- (iii) cinnteacht a thabhairt maidir le foinse na cumarsáide leictreonaí,
- (b) i gcás aon loiceadh ar an teicneolaíocht sin nó aon mhíchor inti, go leigheasfar an loiceadh nó an míchor sin a luaithe is indéanta, agus
- (c) go gcuirfear ar chumas an duine den lucht freastail leis an teicneolaíocht sin—
- (i) a mbeidh á rá ag cathaoirleach an chruinnithe agus ag aon duine a thabharfaidh an cathaoirleach i láthair a chloisteáil, agus
- (ii) labhairt leis an gcathaoirleach, agus ceisteanna agus tráchtaí a chur faoi bhráid an chathaoirligh, le linn an chruinnithe, a mhéid atá teideal ag an duine den lucht freastail déanamh amhlaidh faoi bhunreacht na cuideachta.
- (10) Ní dhéanfaidh aon loiceadh sealadach ar theicneolaíocht cumarsáide leictreonaí ná aon mhíchor sealadach inti an cruinniú ginearálta ná aon imeachtaí a bhaineann leis an gcruinniú a chur ó bhail.
- (11) Mura mbeidh loiceadh nó míchor den sórt sin inchurtha i leith aon ghníomh toiliúil ar thaobh na cuideachta, ní bheidh cuideachta faoi dhliteanas i leith aon loiceadh nó míchor a tharlóidh agus a bhainfidh leis an trealamh a úsáidfídh duine den lucht freastail chun rochtain a fháil ar chruinniú ginearálta trí theicneolaíocht cumarsáide leictreonaí agus ar loiceadh nó míchor é a choisfídh nó a chuirfídh isteach ar an duine den lucht freastail páirt a ghlacadh sa chruinniú ar mhodh na teicneolaíochta sin.
- (12) I gcás, i dtuairim stiúrthóirí cuideachta, go measfar gur gá é—
- (a) d’fhonn déanamh de réir threoir sláinte poiblí an Rialtais nó rialacháin arna ndéanamh faoi ailt 5 agus 31A den Acht Sláinte, 1947 maidir le gluaiseacht nó teacht le chéile daoine chun leathadh Covid-19 a chosc, a theorannú, a íoslaghdú nó a mhoilliú, féadfaidh na stiúrthóirí, aon tráth suas go dtí deireadh an lae roimh an lá a bheidh cruinniú ginearálta le tionól, agus de réir alt 181A—
- (i) an cruinniú a chur ar ceal,
- (ii) athrú a dhéanamh ar ionad an chruinnithe, nó
- (iii) athrú a dhéanamh ar an modh chun an cruinniú a thionól (lena n-áirítear socrú a dhéanamh chun a éascú don lucht freastail páirt a ghlacadh sa chruinniú sin ar mhodh teicneolaíocht cumarsáide leictreonaí),
- nó
- (b) de dheasca imthosca eisceachtúla nach raibh coinne leo, féadfaidh na stiúrthóirí cruinniú den sórt sin a chur ar ceal aon tráth roimh an gcruinniú sin a thionól.
- (13) Féadfaidh an tAire, má mheasann sé nó sí gur cuí é, foráil bhreise a dhéanamh le rialacháin maidir le gach ceann nó maidir le haon cheann de

na nithe seo a leanas i ndáil le cruinnithe ginearálta a bheidh le tionól ar mhodh teicneolaíocht cumarsáide leictreonaí:

- (a) na cruinnithe a chomóradh agus a sheoladh;
- (b) freastal ar na cruinnithe;
- (c) rochtain ar na cruinnithe agus páirt a ghlacadh iontu.

- (14) San alt seo agus in ailt 181(5)(aa), 181A, 182(2A), 186A, 195A agus 1103(2)(aa)—

ciallaíonn ‘duine den lucht freastail’, i ndáil le cruinniú ginearálta cuideachta—

- (a) comhalta den chuideachta,
- (b) seachvótálaí do chomhalta den chuideachta,
- (c) duine údaraithe a dhéanann ionadaíocht do chomhlacht corpraithe faoi alt 185,
- (d) an t-iniúchóir, nó
- (e) duine atá i dteideal freastal ar an gcruinniú de bhua forálacha i mbunreacht na cuideachta nó téarmaí eisiúna fiach-urrús arna n-eisiúint ag an gcuideachta;

ciallaíonn ‘teicneolaíocht cumarsáide leictreonaí’, i ndáil le cruinniú ginearálta cuideachta, teicneolaíocht lena gcumasaítear tarchur fíor-ama agus cumarsáid chlosamhairc nó closchumarsáid déthreo fíor-ama á chumasú don lucht freastail ina iomláine deis réasúnach a bheith acu páirt a ghlacadh sa chruinniú trí theicneolaíocht den sórt sin a úsáid ó ionad cianda;

ciallaíonn ‘léibheann leictreonach’, i ndáil le cruinniú ginearálta cuideachta, córas leictreonach chun cumarsáid chlosamhairc nó closchumarsáid a chur ar fáil, lena n-áirítear suímh ghréasáin, bogearraí rochtana agus mionsonraí teileafóin rochtana nó aon teicneolaíocht leictreonach eile trína gcuirtear cumarsáid den sórt sin ar fáil;

ciallaíonn ‘cruinniú ginearálta’, i ndáil le cuideachta, aon cheann díobh seo a leanas:

- (a) cruinniú ginearálta bliantúil de chuid na cuideachta;
- (b) cruinniú ginearálta urghnách de chuid na cuideachta;
- (c) cruinniú ginearálta de shealbhóirí scaireanna sa chuideachta d’aicme áirithe;
- (d) cruinniú scéime (de réir bhrí alt 449),

agus foláionn sé cruinniú dá dtagraítear i mír (a), (b), (c) nó (d) agus a rinneadh a athsceidealú.”.

Leasú ar alt 181 d'Acht 2014

7. Leasaítear alt 181 d'Acht 2014, i bhfo-alt (5), tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

- “(aa) i gcás cruinniú le linn na tréimhse eatramhaí a bheartófar a thionól go hiomlán nó go páirteach trí theicneolaíocht cumarsáide leictreonaí a úsáid—
- (i) an léibheann leictreonach a bheidh le húsáid le haghaidh an chruinnithe,
 - (ii) mionsonraí chun rochtain a fháil ar an léibheann leictreonach,
 - (iii) an t-am faoina gcaithfidh agus an modh ar a gcaithfidh duine den lucht freastail a dhaingniú go bhfuil sé ar intinn aige nó aici freastal ar an gcruinniú,
 - (iv) aon cheanglais nó srianta a bheidh curtha ar bun ag an gcuideachta d’fhonn daoine den lucht freastail a mbeidh sé ar intinn acu freastal ar an gcruinniú a chéannú,
 - (v) an nós imeachta chun go ndéanfaidh daoine den lucht freastail ceisteanna agus tráchtaí a chur i bhfios le linn an chruinnithe, agus
 - (vi) an nós imeachta a bheidh le glacadh chun vótáil a dhéanamh ar rúin a bheartófar a rith ag an gcruinniú;”.

Fógra i dtaobh cruinniú ginearálta athsceidealaithe le linn na tréimhse eatramhaí

8. Leasaítear Acht 2014 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 181:

“**181A.** (1) D’ainneoin alt 181 ach faoi réir fho-alt (2), tabharfar fógra chun críocha alt 174A(12) ar an modh céanna ar a dtabharfar an fógra i dtaobh an chruinnithe ghinearálta dá dtagraítear san alt sin is déanaí a luaitear ach i gcás, i dtuairim stiúrthóirí na cuideachta, nach indéanta le réasún fógra den sórt sin a thabhairt ar an modh sin, tabharfar fógra—

- (a) i gcás go mbeidh suíomh gréasáin ag an gcuideachta, ar an suíomh gréasáin sin,
 - (b) trí ríomhphost chuig gach comhalta dá mbeidh seoladh ríomhphoist ag an gcuideachta, agus
 - (c) i nuachtán náisiúnta.
- (2) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (1) i gcás go gcomhaontóidh na comhaltaí uile i scríbhinn leis an gcruinniú ginearálta lena mbaineann a chur ar ceal, le hathrú a dhéanamh ar a ionad, le hathrú a dhéanamh ar an modh chun é a thionól, nó le fógra i dtaobh an chruinnithe ghinearálta a ligean thar ceal.”.

Leasú ar alt 182 d'Acht 2014

9. Leasaítear alt 182 d'Acht 2014 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) D’ainneoin fho-alt (2) nó aon fhoráil de bhunreacht cuideachta, le linn na tréimhse eatramhaí, déanfar gach comhalta agus seachvótálaí, a ghlacfaidh páirt i gcruinniú ginearálta trí theicneolaíocht cumarsáide leictreonaí a úsáid de réir alt 174A, a áireamh sa chóram don chruinniú.”.

Rúin díbhinne a tharraingt siar nó a leasú

10. Leasaítear Acht 2014 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 186:

“**186A.** (1) Faoi réir fho-alt (2), i gcás gur mhol stiúrthóirí cuideachta go nglacfaí dearbhú díbhinne le rún ag cruinniú ginearálta agus, tar éis an cruinniú a chomóradh, go dtiocfaidh na stiúrthóirí ar an tuairim gur chóir, de dheasca iarmhairtí iarbhir Covid-19, nó de dheasca na n-iarmhairtí a bhraitear a bheith ag gabháil le Covid-19, do ghnóthaí na cuideachta, an díbhinn a chealú nó a laghdú go dtí méid áirithe, féadfaidh na stiúrthóirí—

- (a) an rún chun an díbhinn a cheadú a tharraingt siar, nó
- (b) leasú ar an rún sin a mholadh chun socrú a dhéanamh maidir le díbhinn is lú ná an díbhinn sin a moladh i dtosach.

(2) Féadfar an rún chun an díbhinn a cheadú a tharraingt siar nó a leasú d’ainneoin aon fhoráil dá mhalairt i mbunreacht na cuideachta i gcás—

- (a) go gcomhaontóidh comhaltaí uile na cuideachta i scríbhinn le tarraingt siar nó leasú den sórt sin, agus
- (b) go ndéanfar fógra, maidir leis na stiúrthóirí do theacht ar an tuairim dá dtagraítear i bhfo-alt (1) agus maidir le tarraingt siar bheartaithe iarmhartach an rúin nó maidir leis an leasú beartaithe iarmhartach ar an rún, a thabhairt tráth nach déanaí ná 3 lá roimh an gcruinniú ginearálta.”.

Vótáil ar rúin ag cruinniú ginearálta le linn na tréimhse eatramhaí

11. Leasaítear Acht 2014 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 195:

“**195A.** (1) I gcás, le linn na tréimhse eatramhaí, go ndearna cuideachta, san fhógra maidir le cruinniú ginearálta, fógra a áireamh á rá go bhfuil sé ar intinn aici a cheangal go ndéanfar vótáil ar vótaíocht ar gach rún san fhógra céadluaite—

- (a) déanfar vótaíocht ar gach rún ag an gcruinniú, agus
- (b) ní bheidh feidhm ag fo-ailt (1), (2), (3) ná (7) d’alt 189 maidir leis an vótáil ar vótaíocht ag an gcruinniú sin.

(2) I gcás, le linn na tréimhse eatramhaí, go seolfar cruinniú ginearálta ar mhodh teicneolaíocht cumarsáide leictreonaí de réir alt 174A, féadfaidh cathaoirleach an chruinnithe vótáil a sheoladh chun breith a thabhairt ar rún trí thaispeáint lámh ag gach comhalta a bheidh ag glacadh páirte sa chruinniú ar mhodh na teicneolaíochta sin i gcás go mbeidh an cathaoirleach den tuairim gur féidir leis nó léi na comhaltaí atá i dteideal

vótáil a chéannú agus ábhar treoracha vótála a bhaineann leis an rún a fhíorú.”.

Leasú ar alt 520 d’Acht 2014

12. Leasaítear alt 520 d’Acht 2014, i bhfo-alt (2)(b), trí “faoi réir alt 534(3), (3A) agus (4)” a chur in ionad “faoi réir alt 534(3) agus (4)”.

Leasú ar alt 534 d’Acht 2014

13. Leasaítear alt 534 d’Acht 2014—

(a) i bhfo-alt (3), trí “Faoi réir fho-alt (3A), más rud é” a chur in ionad “Más rud é”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) (a) Tá feidhm ag mír (b) i gcás go bhfuair an scrúdaitheoir ordú faoi fho-alt (3) lena bhfadaítear an tréimhse 70 lá dá dtagraítear in alt 520(2).

(b) I gcás, le linn na tréimhse eatramhaí, ar iarratas ón scrúdaitheoir, gur deimhin leis an gcúirt—

(i) nach raibh an scrúdaitheoir in ann tuarascáil a thabhairt faoi fho-alt (2) don chúirt laistigh den tréimhse 70 lá dá dtagraítear in alt 520(2),

(ii) tar éis ordú ón gcúirt a fháil faoi fho-alt (3) chun an tréimhse dá dtagraítear in alt 520(2) a fhadú, nach mbeadh sé nó sí in ann tuarascáil a thabhairt faoi fho-alt (2) don chúirt laistigh den tréimhse arna fadú amhlaidh ag an gcúirt faoi fho-alt (3),

(iii) go mbeadh an scrúdaitheoir in ann tuairisciú faoi fho-alt (2) don chúirt dá ndéanfaí fadú breise a chur leis an tréimhse arna fadú faoi fho-alt (3), agus

(iv) go bhfuil imthosca eisceachtúla ann i leith na cuideachta is ábhar don iarratas,

féadfaidh an chúirt, le hordú, 50 lá ar a mhéad a chur mar fhadú breise leis an tréimhse fhadaithe chun a chumasú don scrúdaitheoir a thuarascáil nó a thabhairt.

(c) I mír (b), folaíonn ‘imthosca eisceachtúla’ cineál Covid-19 agus an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag Covid-19 ar an gcuideachta nó an tionchar iarbhír atá Covid-19 ar an gcuideachta (ach níl siad teoranta do na nithe sin).”,

agus

(c) i bhfo-alt (4), trí “agus aon tréimhse a mbeidh fadú breise arna cheadú faoi fho-alt (3A) curtha léi” a chur isteach i ndiaidh “faoi fho-alt (3)”.

Leasú ar alt 570 d'Acht 2014**14.** Leasaítear alt 570 d'Acht 2014—

(a) i míreanna (a) agus (b), trí “más rud é, seachas le linn na tréimhse eatramhaí—” a chur in ionad “más rud é—”, agus

(b) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(ba) más rud é, le linn na tréimhse eatramhaí—

(i) go ndearna creidiúnaí nó creidiúnaithe, trí shannadh nó eile, ag a bhfuil an chuideachta i bhfiacha i suim is mó ná €50,000, sa chomhiomlán, atá dlite an uair sin, éileamh i scríbhinn a sheirbheáil ar an gcuideachta (trína fhágáil ag oifig chláráithe na cuideachta) á cheangal ar an gcuideachta an tsuim atá dlite amhlaidh a íoc, agus

(ii) ar feadh 21 lá tar éis dháta seirbheála an éilimh sin, go ndearna an chuideachta faillí an tsuim a íoc nó í a urrú nó imshocrú a dhéanamh ina leith chun sástacht réasúnach gach creidiúnaí de na creidiúnaithe.”.

Leasú ar alt 584 d'Acht 2014**15.** Leasaítear alt 584 d'Acht 2014 trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) I gcás go ngairfear cruinniú de na creidiúnaithe de réir fho-alt (1) agus go mbeidh an cruinniú le tionól go hiomlán nó go páirteach trí theicneolaíocht cumarsáide leictreonaí a úsáid le linn na tréimhse eatramhaí, sonrófar na nithe seo a leanas san fhógra maidir le cruinniú na gcreidiúnaithe—

(a) an léibheann leictreonach a bheidh le húsáid le haghaidh an chruinnithe,

(b) mionsonraí chun rochtain a fháil ar an léibheann leictreonach,

(c) an t-am faoina gcaithfidh agus an modh ar a gcaithfidh duine iomchuí den lucht freastail a dhaingniú go bhfuil sé ar intinn aige nó aici freastal ar an gcrúinniú,

(d) aon cheanglais nó srianta a bheidh curtha ar bun ag an duine iomchuí d'fhonn daoine iomchuí den lucht freastail a mbeidh sé ar intinn acu freastal ar an gcrúinniú a chéannú,

(e) an nós imeachta chun go ndéanfaidh daoine iomchuí den lucht freastail ceisteanna agus tráchtáil a chur i bhfios le linn an chruinnithe, agus

(f) an nós imeachta a bheidh le glacadh chun vótáil a dhéanamh ar rúin a bheartófar a rith ag an gcrúinniú.

(1B) Ní bheidh na nithe dá dtagraítear i bhfo-alt (1A) ar áireamh ar an oibleagáid fógra a fhoilsiú de réir fho-alt (1)(c).”.

Leasú ar alt 587 d'Acht 2014**16.** Leasaítear alt 587 d'Acht 2014—

(a) i bhfo-alt (3), tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

“(aa) i gcás cruinniú creidiúnaithe a bheidh le tionól go hiomlán nó go páirteach trí theicneolaíocht cumarsáide leictreonaí a úsáid le linn na tréimhse eatramhaí, sonrúfar na nithe seo a leanas ann—

- (i) an léibheann leictreonach a bheidh le húsáid le haghaidh an chruinnithe,
- (ii) mionsonraí chun rochtain a fháil ar an léibheann leictreonach,
- (iii) an t-am faoina gcaithfidh agus an modh ar a gcaithfidh duine iomchuí den lucht freastail a dhaingniú go bhfuil sé ar intinn aige nó aici freastal ar an gcruinniú,
- (iv) aon cheanglais nó srianta a bheidh curtha ar bun ag an duine iomchuí d’fhonn daoine iomchuí den lucht freastail a mbeidh sé ar intinn acu freastal ar an gcruinniú a chéannú,
- (v) an nós imeachta chun go ndéanfaidh daoine iomchuí den lucht freastail ceisteanna agus tráchtaí a chur i bhfios le linn an chruinnithe, agus
- (vi) an nós imeachta a bheidh le glacadh chun vótáil a dhéanamh ar rúin a bheartófar a rith ag an gcruinniú;”

agus

(b) i bhfo-alt (6), trí “na nithe dá dtagraítear i bhfo-alt (3)(aa) nó an liosta de chreidiúnaithe a bheidh ag gabháil” a chur in ionad “an liosta de chreidiúnaithe a bheidh ag gabháil”.

Leasú ar alt 678 d’Acht 2014

17. Leasaítear alt 678 d’Acht 2014, i bhfo-alt (2), trí “os comhair an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre” a chur in ionad “os comhair an Bhinse Achomhairc Fostaíochta”.

Leasú ar alt 680 d’Acht 2014

18. Leasaítear alt 680 d’Acht 2014—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) I gcás go ngairfear cruinniú ginearálta de réir fho-alt (2) agus go mbeidh an cruinniú le tionól go hiomlán nó go páirteach trí theicneolaíocht cumarsáide leictreonaí a úsáid le linn na tréimhse eatramhaí, sonrúfar na nithe seo a leanas san fhógra i dtaobh an chruinnithe—

- (a) an léibheann leictreonach a bheidh le húsáid le haghaidh an chruinnithe,
- (b) mionsonraí chun rochtain a fháil ar an léibheann leictreonach,
- (c) an t-am faoina gcaithfidh agus an modh ar a gcaithfidh duine iomchuí den lucht freastail a dhaingniú go bhfuil sé ar intinn aige nó aici freastal ar an gcruinniú,

- (d) aon cheanglais nó srianta a bheidh curtha ar bun ag an duine iomchuí d'fhonn daoine iomchuí den lucht freastail a mbeidh sé ar intinn acu freastal ar an gcrúinniú a chéannú,
- (e) an nós imeachta chun go ndéanfaidh daoine iomchuí den lucht freastail ceisteanna agus tráchtáí a chur i bhfios le linn an chruinnithe, agus
- (f) an nós imeachta a bheidh le glacadh chun vótáil a dhéanamh ar rúin a bheartófar a rith ag an gcrúinniú.”,

agus

- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

“(5A) I gcás go ngairfear cruinniú den choiste iniúchta de réir fho-alt (5) agus go mbeidh an cruinniú le tionól go hiomlán nó go páirteach trí theicneolaíocht cumarsáide leictreonaí a úsáid le linn na tréimhse eatramhaí, sonrófar na nithe seo a leanas san fhógra i dtaobh an chruinnithe—

- (a) an léibheann leictreonach a bheidh le húsáid le haghaidh an chruinnithe,
- (b) mionsonraí chun rochtain a fháil ar an léibheann leictreonach,
- (c) an t-am faoina gcaithfidh agus an modh ar a gcaithfidh duine iomchuí den lucht freastail a dhaingniú go bhfuil sé ar intinn aige nó aici freastal ar an gcrúinniú,
- (d) aon cheanglais nó srianta a bheidh curtha ar bun ag an duine iomchuí d'fhonn daoine iomchuí den lucht freastail a mbeidh sé ar intinn acu freastal ar an gcrúinniú a chéannú,
